Parlaimint na hEorpa
2019 --2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0132(COD)

18.10.2022

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002 (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa
(COM(2022)0658 – C9-0165/2022 – 2022/0132(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Matjaž Nemec

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 31

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 33

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002 (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitiú an nós imeachta víosa
(COM(2022)0658 – C9-0165/2022 – 2022/0132(COD))

Gnáthós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2022)0658),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2), pointe (a) agus d'Airteagal 79(2), pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0165/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2022),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart d'iarratasóirí ar víosa a	(8) Ba cheart d'iarratasóirí ar víosa a

bheith in ann a n-iarratas a chur isteach, na sonraí a cheanglaítear a thabhairt san fhoirm iarratais a chur ar fáil, cóip ***scanta*** den doiciméad taistil a chur ar fáil, agus doiciméid tacaíochta agus árachas liachta taistil a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. Ionas go mbeidh iarratasóirí in ann faisnéis a bhaineann lena n-iarratas a shábháil, ba cheart an t-ardán ar líne maidir le hiarratais ar víosaí a bheith in ann sonraí a stóráil ar bhonn sealadach. Nuair a bheidh an t-iarratas ar líne curtha isteach ag an iarratasóir agus na seiceálacha iomchuí déanta ag na Ballstáit, aistreofar an comhad iarratais chuig córas náisiúnta an Bhallstáit inniúil agus stórálfar ann é. D'fhéadfadh consalachtaí an fhaisnéis atá stóráilte ar an leibhéal náisiúnta a cheadú agus ní bhrúdh siad ach na sonraí is gá chuig lárchóras VIS.	bheith in ann a n-iarratas a chur isteach, na sonraí a cheanglaítear a thabhairt san fhoirm iarratais a chur ar fáil, cóip ***leictreonach*** den doiciméad taistil a chur ar fáil, agus doiciméid tacaíochta agus árachas liachta taistil a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. Ionas go mbeidh iarratasóirí in ann faisnéis a bhaineann lena n-iarratas a shábháil, ba cheart an t-ardán ar líne maidir le hiarratais ar víosaí a bheith in ann sonraí a stóráil ar bhonn sealadach. Nuair a bheidh an t-iarratas ar líne curtha isteach ag an iarratasóir agus na seiceálacha iomchuí déanta ag na Ballstáit, aistreofar an comhad iarratais chuig córas náisiúnta an Bhallstáit inniúil agus stórálfar ann é. D'fhéadfadh consalachtaí an fhaisnéis atá stóráilte ar an leibhéal náisiúnta a cheadú agus ní bhrúdh siad ach na sonraí is gá chuig lárchóras VIS.
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Na forálacha speisialta ar cheart feidhm a bheith acu i gcásanna aonair mar gheall ar chúiseanna daonnúla, ***ba cheart go gcumhdódh siad*** saincheisteanna maidir le hinrochtaineacht dhigiteach	(14) Na forálacha speisialta ar cheart feidhm a bheith acu i gcásanna aonair mar gheall ar chúiseanna daonnúla, ***d'fhéadfaidís*** saincheisteanna maidir le hinrochtaineacht dhigiteach ***nó litearthacht dhigiteach theoranta a chlúdach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas.***
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) I dtríú tíortha áirithe tá clúdach gréasáin na hidirlíne an-teoranta fós. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar imthosca ina seolfar roinnt iarratas ón suíomh céanna agus ón seoladh IP céanna. Níor cheart go ndéanfaí an t-iarratas ar víosa a dhícháiliú go huathoibríoch mar thoradh ar sheoladh IP bratach.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) ***]*** Ba cheart an táille víosa a íoc trí úsáid a bhaint as tairseach tríú páirtí atá nasctha leis an ardán ***ar líne*** maidir le hiarratais víosaí agus d'aistreofaí na híocaíochtaí go díreach chuig an mBallstát iomchuí. Níor cheart na sonraí is gá chun an íocaíocht leictreonach a dhéanamh a bheith mar chuid de na sonraí a stóráiltear in VIS.	(17) Ba cheart an táille víosa a íoc trí úsáid a bhaint as tairseach tríú páirtí atá nasctha leis an ardán ***AE*** maidir le hiarratais víosaí agus d'aistreofaí na híocaíochtaí go díreach chuig an mBallstát iomchuí. Níor cheart na sonraí is gá chun an íocaíocht leictreonach a dhéanamh a bheith mar chuid de na sonraí a stóráiltear in VIS.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Ba cheart go gcinnfeadh comhar áitiúil Schengen freisin i gcásanna sonracha úsáid teangacha neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan i nós imeachta víosa nó chun an fhoirm iarratais a aistriú. Ba cheart go gcinnfí freisin le comhar áitiúil Schengen nósanna imeachta maidir le sonraí leictreonacha a aistriú le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha nó le haghaidh ionadaíochta na mBallstát i gcásanna ina dtoirmisctear faoi dhlíthe áitiúla tríú tíortha aistrithe den sórt sin lasmuigh dá gcríoch.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) I gcás ina gcinnfidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil go bhfuil sé nó sí freagrach as an iarratas a scrúdú, ba cheart dó nó di glacadh leis agus ba cheart na sonraí ón stóráil shealadach a iontráil sa chóras náisiúnta mar a bhunaítear le Rialachán VIS agus ba cheart na sonraí sin a scriosadh ón stóráil shealadach cé is moite de shonraí teagmhála.	(20) I gcás ina gcinnfidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil go bhfuil sé nó sí freagrach as an iarratas a scrúdú, ba cheart dó nó di glacadh leis agus ba cheart na sonraí ón stóráil shealadach a iontráil sa chóras náisiúnta mar a bhunaítear le Rialachán VIS agus ba cheart na sonraí sin a scriosadh ón stóráil shealadach cé is moite de shonraí teagmhála. ***Ba cheart do gach Ballstát údarás inniúil a mheas a mheasfar mar rialaitheoir sonraí agus ar cheart go mbeadh freagracht lárnach air as an bpróiseáil sonraí a dhéanann an Ballstát sin.***

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Ba cheart feidhmiúlacht a bheith ag ardán an Aontais maidir le hiarratais le go bhfeadfaidh iarratasóirí a víosaí digiteacha a fhíorú.	(28) Ba cheart feidhmiúlacht a bheith ag ardán an Aontais maidir le hiarratais le go bhfeadfaidh iarratasóirí ***bailíocht*** a víosaí digiteacha a fhíorú.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Chun a ***áirithiú go gcuireann an fhoirm iarratais agus na foirmeacha diúltaithe san áireamh an fhéidearthacht gur chuir iarratasóir ar víosa a iarratas isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais nó gur chuir sé isteach ar bhealach eile é***, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun ***leasú*** a ***dhéanamh ar an liosta faisnéise ba cheart a bheith in ardán an Aontais maidir le hiarratais agus na foirmeacha agus formáidí caighdeánacha iomchuí a*** leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[55] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha	(37) ***D'fhonn gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 (CE) a leasú agus*** chun ***Rialachán (CE) Uimh. 767/2008*** a ***fhorlíonadh***, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun ***an fhoirm iarratais*** a ***thabhairt cothrom le dáta, chun an fhoirm diúltaithe a*** leasú***, chun na ceanglais a bhaineann leis an tseirbhís cuntais shlán a shainiú, agus inneachar na bhfoirmeacha iarratais simplithe a shainiú chun víosaí bailí a dhaingniú i ndoiciméad taistil nua agus chun víosaí a leathnú***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[55]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht

tarmligthe a áirithiú, ***ba cheart do Pharlaimint*** na hEorpa agus ***don*** Chomhairle ***na doiciméid*** uile ***a fháil*** ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ***ba cheart*** rochtain chórasach ***a bheith*** ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.	chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ***faigheann Parlaimint*** na hEorpa agus ***an*** Chomhairle ***na doiciméid*** uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ***bíonn*** rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
[55] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.	[55] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37a) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 a chur chun feidhme, ba cheart go dtabharfaí cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].
	[1a]Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, trí ardán an Aontais maidir le hiarratais agus víosa dhigiteach a thabhairt isteach, urramófar go hiomlán an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, cearta an linbh, agus cosaint daoine leochaileacha. ***Fanfaidh na cosaintí uile ar chearta*** bunúsacha ***atá san áireamh*** sa Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí ***infheidhme go hiomlán*** i gcomhthéacs ***ardán*** an iarratais ***ar*** Víosaí an ***AE*** a bheidh ann amach anseo agus ***i gcomhthéacs an*** víosa ***dhigitigh***, go háirithe maidir le cearta an linbh. Ní mór na ceanglais a leagtar síos sa Treoir maidir le hInrochtaineacht[56] a chur san áireamh san ardán chun rochtain éasca a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas.	(40) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, trí ardán an Aontais maidir le hiarratais agus víosa dhigiteach a thabhairt isteach, urramófar go hiomlán an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, cearta an linbh, agus cosaint daoine leochaileacha. ***Beidh feidhm iomlán i gcónaí ag gach coimirce maidir le cearta*** bunúsacha ***a áirítear*** sa Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí i gcomhthéacs an ***ardáin*** iarratais víosaí ***de chuid*** an ***Aontais*** a bheidh ann amach anseo agus ***na*** víosa ***digití***, go háirithe maidir le cearta an linbh. Ní mór na ceanglais a leagtar síos sa Treoir maidir le hInrochtaineacht[56] a chur san áireamh san ardán chun rochtain éasca a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine a bhfuil litearthacht dhigiteach teoranta acu, ar theangacha neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan, agus ar shaincheisteanna maidir le rochtain ar an idirlín.***
[56] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).	[56] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 9 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) náisiúnaigh tríú tíortha faoi mhíchumas;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí mhaolú a d'fhéadfadh a bheith ann ar úsáid a bhaint as ardán iarratais an Aontais maidir le hiarratais;

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe c a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 11 – mír 3 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(c a) leasaítear pointe (b) i mír 3 mar a leanas:
(b) teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla na tíre óstaí**.**	***"***(b) teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla na tíre óstaí

Or. en

Réasúnú

Ba cheart aird ar leith a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar na teangacha áitiúla neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan a chur san áireamh freisin ar cheart aistriúchán ardán an Aontais maidir le hiarratais a bheith ar fáil ina leith.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe c b (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 11 – mír 4

An téacs atá ann	*Leasú*
	(cb) leasaítear mír 4 mar a leanas:
4. Más rud é nach mbeidh ***teanga*** oifigiúil ***ná teangacha*** oifigiúla na tíre óstaí ***á comhtháthú nó á gcomhtháthú san fhoirm***, cuirfear aistriúchán sa teanga nó sna teangacha sin ar fáil d'iarratasóirí.	***'***4. Más rud é nach mbeidh ***an fhoirm iarratais ar fáil i dteanga*** oifigiúil ***nó i dteangacha*** oifigiúla na tíre óstaí, cuirfear aistriúchán sa teanga ***sin*** nó sna teangacha sin ***nó i dteanga neamhoifigiúil nó i dteangacha neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan sa tír ostaí*** ar fáil d***'***iarratasóirí.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart aird ar leith a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar na teangacha áitiúla neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan a chur san áireamh freisin ar cheart an aistriúchán den fhoirm iarratais a chur ar fáil ina leith.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe c c (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 11 – mír 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(cc) leasaítear mír 5 mar a leanas:
5. Cuirfear aistriúchán den fhoirm iarratais ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na tíre óstaí faoi ***shocruithe i dtaca le comhar*** áitiúil Schengen***,*** dá bhforáiltear in Airteagal 48.	***'***5. Cuirfear aistriúchán den fhoirm iarratais ar fáil i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla na tíre óstaí ***nó i dteanga neamhoifigiúil nó i dteangacha neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan*** faoi ***chuimsiú chomhar*** áitiúil Schengen dá bhforáiltear in Airteagal 48.***'***

Or. en

Réasúnú

Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh, i gcásanna sonracha, faoi chomhar áitiúil Schengen freisin na teangacha áitiúla neamhoifigiúla a labhraítear go forleathan ar cheart an t-iarratas a aistriú chucu.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina gcuirfear isteach an t-iarratas trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, fíoróidh an chonsalacht nó an soláthraí seirbhíse seachtrach go bhfuil an doiciméad taistil atá á chur isteach, a thaispeántar go pearsanta i gcomhréir le mír 2, ag freagairt don chóip ***scanta*** a d'uaslódáil an t-iarratasóir.	I gcás ina gcuirfear isteach an t-iarratas trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, fíoróidh an chonsalacht nó an soláthraí seirbhíse seachtrach go bhfuil an doiciméad taistil atá á chur isteach, a thaispeántar go pearsanta i gcomhréir le mír 2, ag freagairt don chóip ***leictreonach*** a d'uaslódáil an t-iarratasóir.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 12 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás nach bhfuil cáilíocht na cóipe ***scanta*** dá dtagraítear i mír 4 sásúil nó i gcás ina bhfuil amhras ann, go háirithe maidir le barántúlacht, déanfaidh an chonsalacht inniúil nó an soláthraí seirbhíse seachtrach scanadh nua agus uaslódálfaidh sé é chuig ardán an Aontais maidir le hiarratais.;	5. I gcás nach bhfuil cáilíocht na cóipe ***leictreonach*** dá dtagraítear i mír 4 sásúil nó i gcás ina bhfuil amhras ann, go háirithe maidir le barántúlacht, déanfaidh an chonsalacht inniúil nó an soláthraí seirbhíse seachtrach scanadh nua agus uaslódálfaidh sé é chuig ardán an Aontais maidir le hiarratais.**'**;

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 26a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Eiseofar víosaí i bhformáid dhigiteach mar thaifead in VIS, lena n-áireofar uimhir víosa uathúil. ;	Eiseofar víosaí i bhformáid dhigiteach mar thaifead in VIS, lena n-áireofar uimhir víosa ***digiteach*** uathúil. ;

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, ***is*** trí mheán leictreonach ***slán*** i gcomhréir le hAirteagal ***7f***(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ***a thabharfar fógra don iarratasóir faoi fhaisnéis maidir le cinntí faoi dhiúltú*** agus na cúiseanna ar a bhfuil ***an diúltú sin*** bunaithe***. Beidh san fhógra an fhaisnéis chéanna*** a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, i dteanga an Bhallstáit a rinne an cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas agus i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais.	I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, ***a luaithe a bheidh an cinneadh diúltaithe ar fáil, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas*** trí mheán leictreonach i gcomhréir le hAirteagal ***Article7f***(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008***. Déanfar cinneadh diúltaithe*** agus na cúiseanna ar a bhfuil ***sé*** bunaithe***, mar*** a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, ***a chur ar fáil don iarratasóir sa chuntas slán. Beidh an cinneadh diúltaithe*** i dteanga an Bhallstáit a rinne an cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas agus i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit doiciméid bhreise a chur leis an ***bhfógra caighdeánach, d'fhonn bonn cirt an*** diúltaithe ***a léiriú***.	Féadfaidh na Ballstáit doiciméid bhreise a chur leis ***a thugann bunús leis*** an ***gcinneadh*** diúltaithe.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfear tús le tréimhse an achomhairc a luaithe a ndéanfaidh an t-iarratasóir ar víosa an cinneadh a cheadú sa chuntas slán ar ardán an Aontais maidir le hiarratais.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32 – mír 2 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 51a chun an fhoirm ***diúltaithe*** a ***leasú, mar a*** leagtar amach in Iarscríbhinn VI ***nó mar***	Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 51a chun an fhoirm ***iarratais*** a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.;

fhógra dá dtagraítear i gCaibidil Ia de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sealbhóirí víosa a bhfuil a ndoiciméad taistil caillte, goidte nó dulta in éag agus a bhfuil a víosa bailí fós, ***féadfaidh*** siad iarratas a dhéanamh ar dheimhniú na víosa a i ndáil le doiciméad taistil nua.	1. Sealbhóirí víosa a bhfuil a ndoiciméad taistil caillte, goidte nó dulta in éag ***nó curtha ó bhail*** agus a bhfuil a víosa bailí fós, ***déanfaidh*** siad iarratas a dhéanamh ar dheimhniú na víosa a i ndáil le doiciméad taistil nua***, más mian leo leanúint leis an víosa a úsáid Is féidir an víosa a dheimhniú, i bprionsabal, ag an údarás a d'eisigh an víosa nó faoi na téarmaí a chuir an Ballstát in iúl***. ***Tabharfar fógra don iarratasóir faoin gcinneadh maidir leis an víosa a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua trí mheán leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.*** ***Cuirfear an cinneadh an ndeimhnítear víosa i ndoiciméad taistil nua ar fáil don iarratasóir sa chuntas slán.***

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32a – mír 2 – pointe (b)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) uimhir na víosa;	(b) uimhir na víosa ***digití***;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 32a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ceanglófar ar an sealbhóir víosa teacht i láthair go pearsanta chun an doiciméad taistil nua a chur i láthair chun a fhíorú go bhfuil an doiciméad taistil sin ag comhfhreagairt don chóip ***scanta*** a uaslódáladh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, agus gurb ionann iompróir an doiciméid taistil sin agus an duine ar eisíodh víosa ina leith.	4. Ceanglófar ar an sealbhóir víosa teacht i láthair go pearsanta chun an doiciméad taistil nua a chur i láthair chun a fhíorú go bhfuil an doiciméad taistil sin ag comhfhreagairt don chóip ***leictreonach*** a uaslódáladh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, agus gurb ionann iompróir an doiciméid taistil sin agus an duine ar eisíodh víosa ina leith.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 – pointe b
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 33 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. ***Nuair a chuirfear*** síneadh ***le*** víosa ***de bhun mhíreanna 1 go 7 den Airteagal seo*** trí ardán an Aontais maidir le hiarratais***, cuirfear an síneadh*** in iúl don iarratasóir trí mheán leictreonach ***slán*** i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.***;***	8. ***Déanfar an cinneadh maidir le*** síneadh ***na*** víosa ***ar iarradh*** trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ***a chur*** in iúl don iarratasóir trí mheán leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

Cuirfear an cinneadh an bhfadaítear víosa ar fáil don iarratasóir sa chuntas slán.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 810/2009
Airteagal 34 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cinneadh maidir le neamhniú nó ***cúlghairm víosa*** agus na cúiseanna ar a bhfuil ***an cinneadh sin*** bunaithe***, eiseofar iad*** i bhformáid dhigiteach trí na sonraí a iontráil in VIS, de ***bhun Airteagal 12 de*** Rialachán (CE) ***Uimh. 767/2008, agus tabharfar fógra fúthu don iarratasóir trí mheán leictreonach slán i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 nó tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i gcás iarratais nár cuireadh isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. Beidh san fhógra an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.;***	6. ***I gcás iarratas a chuirtear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, déanfar*** cinneadh maidir le ***víosa a*** neamhniú nó ***a chúlghairm*** agus na cúiseanna ar a bhfuil ***sé*** bunaithe ***a eisiúint*** i bhformáid dhigiteach trí na sonraí a iontráil in VIS, ***i gcomhréir le hAirteagal 13*** de Rialachán (CE) ***767/2008.***
	A luaithe a bheidh an cinneadh maidir leis an neamhniú nó an chúlghairm ar fáil, tabharfar fógra don iarratasóir trí mheán leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 7f(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
	Déanfar cinneadh diúltaithe agus na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, a chur ar fáil don iarratasóir sa chuntas slán.
	I gcás iarratas nach gcuirtear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, déanfar cinneadh maidir le víosa a neamhniú nó a chúlghairm agus na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe a chur

in iúl don iarratasóir tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarsccríbhinn VI.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7a – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faisnéis phoiblí ghinearálta faoi ardán an Aontais maidir le hiarratais	Faisnéis phoiblí ghinearálta faoi ardán an Aontais maidir le hiarratais

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7a – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh eu-LISA freagrach as an bhfaisnéis phoiblí ghinearálta seo a leanas a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar ardán an Aontais maidir le hiarratais, tar éis dó an fhaisnéis seo a leanas a fháil ón gCoimisiún nó ó na Ballstáit:	Beidh eu-LISA freagrach as an bhfaisnéis phoiblí ghinearálta seo a leanas a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar ardán an Aontais maidir le hiarratais, tar éis dó an fhaisnéis seo a leanas a fháil ón gCoimisiún nó ó na Ballstáit:

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7b – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar d'Airteagal 7ba, soláthróidh an t-iarratasóir na sonraí pearsanta seo a leanas san fhoirm iarratais:	Gan dochar d'Airteagal 7ba, soláthróidh an t-iarratasóir na sonraí pearsanta seo a leanas san fhoirm iarratais***, más infheidhme***:

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7b – mír 2 – fomhír 1 – pointe 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) méarloirg a bailíodh cheana chun iarratas a dhéanamh ar víosa Schengen; an dáta (más eol); uimhir an víosa, más eol;	(28) méarloirg a bailíodh cheana chun iarratas a dhéanamh ar víosa Schengen; an dáta (más eol); uimhir an víosa ***digití***, más eol;

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7b – mír 2 – fomhír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Maidir le sonraí stórála sealadaí, measfar eu-LISA mar an t-údarás inniúil agus mar rialaitheoir i gcomhréir le pointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh freagracht lárnach air as próiseáil sonraí.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7b – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní dhéanfar an t-iarratas ar víosa a dhícháiliú go huathoibríoch mar thoradh ar sheoladh IP faoi bhratach amháin.

Or. en

Réasúnú

I dtríú tíortha áirithe tá clúdach gréasáin na hidirlíne an-teoranta fós. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar imthosca ina seolfar roinnt iarratas ón suíomh céanna agus ón seoladh IP céanna. Níor cheart go ndéanfaí an t-iarratas ar víosa a dhícháiliú go huathoibríoch mar thoradh ar sheoladh IP bratach.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7b – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. ***Saineoidh*** an Coimisiún***, trí bhíthin*** gníomhartha ***cur*** chun ***feidhme,*** inneachar ***foirmeacha*** iarratais simplithe ***le haghaidh deimhniú*** víosaí bailí i ndoiciméad taistil nua, dá dtagraítear in Airteagal 32a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, agus le haghaidh síneadh víosaí, dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán sin, trí úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).***	6. ***Gladfaidh*** an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 48a*** chun inneachar ***na bhfoirmeacha*** iarratais simplithe ***a shainiú chun*** víosaí bailí ***a dhaingniú*** i ndoiciméad taistil nua, dá dtagraítear in Airteagal 32a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, agus le haghaidh síneadh víosaí, dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán sin, trí úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7c – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh iarratasóirí in ann úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais chun cóip scanta den doiciméad taistil a chur isteach i bhformáid leictreonach, mar aon le doiciméid tacaíochta agus cruthúnas ar árachas liachta taistil i bhformáid dhigiteach, de réir mar is infheidhme, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 nó Threoir 2004/38/CE.	2. Beidh iarratasóirí in ann úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais chun cóip scanta den doiciméad taistil a chur isteach i bhformáid leictreonach, mar aon le doiciméid tacaíochta agus cruthúnas ar árachas liachta taistil i bhformáid dhigiteach, de réir mar is infheidhme, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 nó Threoir 2004/38/CE.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7c – mír 9 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Dearfar an ***t-ardán iarratais*** chun a áirithiú go bhféadfaidh feidhm a bheith ag mír (4) agus ag mír (4a) d'Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, chun gur féidir iarratais a mheas a bheith inghlactha.	Dearfar ***ardán*** an ***Aontais maidir le hiarratais*** chun a áirithiú go bhféadfaidh feidhm a bheith ag mír (4) agus ag mír (4a) d'Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, chun gur féidir iarratais a mheas a bheith inghlactha.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7c – mír 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	13a. Maidir leis na sonraí aistrithe dá dtagraítear i míreanna 11 agus 12, ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás inniúil a mheasfar a bheith ina rialaitheoir sonraí i gcomhréir le pointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 agus arb é an t-údarás é a mbeidh freagracht lárnach air as pé próiseáil sonraí a dhéanfaidh an Ballstát sin. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis an ainmniú.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7e – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na sonraí a uaslódáladh sa toilleadh stórála sealadaí, go háirithe an chóip ***scanta*** den doiciméad taistil, a fhíorú agus seiceálacha cáilíochta a dhéanamh orthu;	(a) na sonraí a uaslódáladh sa toilleadh stórála sealadaí, go háirithe an chóip ***leictreonach*** den doiciméad taistil, a fhíorú agus seiceálacha cáilíochta a dhéanamh orthu;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7f – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Trí mhodhanna leictreonacha ***slána*** a chuirfear iarratasóirí agus sealbhóirí víosa ar an eolas maidir le cinntí arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir lena n-iarratais nó maidir lena víosaí eisithe.	1. Trí mhodhanna leictreonacha a chuirfear iarratasóirí agus sealbhóirí víosa ar an eolas maidir le cinntí arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir lena n-iarratais nó maidir lena víosaí eisithe.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 7g – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Le hardán an Aontais maidir le hiarratais, cuirfear feidhmiúlacht seirbhíse gréasáin ar fáil d'iarratasóirí chun an víosa dhigiteach a fhíorú gan an tseirbhís cuntais shláin.	3. Le hardán an Aontais maidir le hiarratais, cuirfear feidhmiúlacht seirbhíse gréasáin ar fáil d'iarratasóirí chun an víosa dhigiteach a fhíorú gan an tseirbhís cuntais shláin.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 10 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) uimhir víosa;***;***	(e) uimhir víosa ***dhigiteach***;

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 14 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) uimhir víosa na víosa a gcuirtear síneadh léi;;	(d) uimhir víosa ***dhigiteach*** na víosa a gcuirtear síneadh léi;***'***;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 15 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) uimhir na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta eisiúna aon víosa, víosa fadfhanachta nó ceada cónaithe roimhe sin;	(f) uimhir na víosa ***digití***, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta eisiúna aon víosa, víosa fadfhanachta nó ceada cónaithe roimhe sin;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17 – pointe b
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 22o – mír 3 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) seoladh IP;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Baineann an tAirteagal seo leis na sonraí atá le cur isteach ag na húdaráis inniúla chun síneadh a chur le víosa fadfhanachta nó le hathnuachan ceada cónaithe. Measann an Rapóirtéir nach bhfuil bailiú an seoladh IP riachtanach chun na críche sin nó nach bhfuil bunús leordhóthanach leis.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 767/2008
Airteagal 22r – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) uimhir víosa nó uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta éaga bhailíocht na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe, de réir mar is infheidhme;;	(c) uimhir ***na*** víosa ***digití*** nó uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta éaga bhailíocht na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe, de réir mar is infheidhme;;

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2017/2226
Airteagal 16 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir na víosa gearrfhanachta, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna, an cineál víosa gearrfhanachta, an dáta a rachaidh uasfhad an fhanachta in éag arna údarú leis an víosa ghearrfhanachta, a nuashonrófar tráth gach dul isteach, agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag;	(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir na víosa gearrfhanachta ***digití***, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna, an cineál víosa gearrfhanachta, an dáta a rachaidh uasfhad an fhanachta in éag arna údarú leis an víosa ghearrfhanachta, a nuashonrófar tráth gach dul isteach, agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag;

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – pointe 2 – pointe a
Rialachán (AE) 2017/2226
Airteagal 19 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir nua na víosa, lena n-áirítear cód trí litir na tíre eisiúna;***;***	(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir nua na víosa ***digití***, lena n-áirítear cód trí litir na tíre eisiúna;

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2017/2226
Airteagal 24 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) uimhir na víosa gearrfhanachta, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna dá dtagraítear in Airteagal 16(2), pointe (d);	(b) uimhir na víosa gearrfhanachta ***digití***, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna dá dtagraítear in Airteagal 16(2), pointe (d);

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2017/2226
Airteagal 32 – mír 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) uimhir víosa agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa in éag;.	(c) uimhir víosa ***dhigiteach*** agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa in éag;.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Cúig*** bliana tar éis dháta tosaigh na n-oibríochtaí de réir Airteagal 12 den Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar oibriú ardán an Aontais maidir le hiarratais. Cuimseofar sa mheastóireacht sin scrúdú ar na torthaí a baineadh amach maidir leis na cuspóirí agus ar chur chun feidhme fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, arna leasú ag an Rialachán seo.	1. ***Trí*** bliana tar éis dháta tosaigh na n-oibríochtaí de réir Airteagal 12 den Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar oibriú ardán an Aontais maidir le hiarratais. Cuimseofar sa mheastóireacht sin scrúdú ar na torthaí a baineadh amach maidir leis na cuspóirí agus ar chur chun feidhme fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, arna leasú ag an Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

Measann an Rapóirtéir gur tréimhse fhada í cúig bliana chun meastóireacht a dhéanamh ar uirlis a thógfaidh sé 4 bliana ar a laghad chun í a fhorbairt. Trí bliana tar éis dháta tosaithe na n-oibríochtaí, is tréimhse níos iomchuí í sin agus níos mó ag teacht le forálacha comhchosúla i ngníomhartha dlí eile, amhail VIS, EES, ETIAS, SIS, a bhfuil meastóireacht á mbeartú tar éis trí bliana d'fheidhmiú.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Le linn na hidirthréimhse sin, beidh sealbhóirí víosaí in ann víosaí digiteacha a fhíorú trí úsáid a bhaint as seirbhís gréasáin ***an ardáin*** ar líne maidir le hiarratais ar víosaí, dá dtagraítear in Airteagal 7g de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 más rud é gur chinn an Ballstát a phróiseálann a n-iarratas ar víosa gan leas a bhaint as ardán	Le linn na hidirthréimhse sin, beidh sealbhóirí víosaí in ann ***bailíocht na*** víosaí digiteacha a fhíorú trí úsáid a bhaint as seirbhís gréasáin ***ardán*** ar líne ***an Aontais*** maidir le hiarratais ar víosaí, dá dtagraítear in Airteagal 7g de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 más rud é gur chinn an Ballstát a phróiseálann a n-iarratas ar víosa

an Aontais maidir le hiarratais.	gan leas a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 27 Aibreán 2022, thíolaic an Coimisiún a thogra maidir le digitiú an nós imeachta víosaí. Tá sé mar aidhm ag an togra an fhéidearthacht a thabhairt isteach iarratais ar víosaí a chur isteach ar líne trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí digiteacha, agus víosa dhigiteach a chur in ionad an ghreamáin víosa. Déanfaidh sé na nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú i gcomhthéacs an chomhbheartais víosaí, agus déanfaidh sé taisteal, ceanglais iontrála agus seiceálacha teorann laistigh de limistéar Schengen a ailíniú trí dhigitiú agus tríd an gcreat idir-inoibritheachta ag na teorainneacha.

Is é Airteagal 77(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an tionscnaimh reachtaigh. Tugtar le hAirteagal 77(2)(a) CFAE de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt a bhaineann leis an ‘gcomhbheartas maidir le víosaí agus maidir le ceadanna cónaithe gearrfhanachta eile’. Le hAirteagal 77(2)(b) CFAE tugtar de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt a bhaineann leis na seiceálacha a bhfuil daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha. Le hAirteagal 79(2)(a) tugtar de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt maidir le ‘coinníollacha iontrála agus cónaithe, agus caighdeáin maidir le Ballstáit d’eisiúint víosaí fadtéarmacha agus ceadanna cónaithe’. Ós rud é gurb é is aidhm don ionstraim dlí víosaí gearrfhanachta agus víosaí fadfhanachta araon a dhigitiú (an fhormáid don víosa dhigiteach amháin do víosaí fadfhanachta), tá gá le bunús dlí comhpháirteach ina bhfuil Airteagal 77(2) agus Airteagal 79(2) CFAE.

Ó tháinig an Cód Víosaí[1] i bhfeidhm in 2010 agus ó cuireadh tús le hoibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS)[2] in 2011, tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht ina n-oibríonn an beartas víosaí. Ar thaobh amháin, tá méadú tagtha ar an imirce agus ar na dúshláin slándála le blianta beaga anuas; ar an taobh eile, maidir leis na forbairtí teicneolaíocha suntasacha eile, beidh deiseanna nua ann chun próiseas iarratais ar víosaí Schengen a dhéanamh níos rianúla do thaistealaithe agus do chonsalachtaí araon.

Cé go bhfuil próiseáil víosaí digitithe go páirteach cheana féin, agus iarratais agus cinntí taifeadta in VIS, tá dhá chéim thábhachtacha ann atá bunaithe ar pháipéar go fóill: an próiseas iarratais ar víosa agus an greamán víosa.

Agus Cód Víosaí an Aontais Eorpaigh á athbhreithniú acu in 2019, chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl go sainráite gurb é an aidhm atá ann réiteach comhchoiteann a fhorbairt ionas go bhféadfaí iarratais ar víosaí Schengen a dhéanamh ar líne, agus, ar an gcaoi sin, leas iomlán a bhaint as forbairtí dlíthiúla agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí[3]. Tríd an deis a thabhairt isteach d’iarratasóirí foirmeacha iarratais a shíniú go leictreonach, tá an deis ann, de bharr an Chóid Víosa[4] leasaithe, iarratais ar víosaí a thíolacadh agus a phróiseáil go digiteach.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

2 Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

3 Aithris 20 i Rialachán (AE) 2019/1155.

4 Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1) agus Rialachán

Tríd an nós imeachta maidir le víosaí a dhigitiú, tugtar deis feabhas a chur ar an bpróiseas iarratais ar víosaí, rud a laghdóidh na costais agus an t-ualach atá ar na geallsealbhóirí, agus ag an am céanna slándáil limistéar Schengen a fheabhsú. Ina theannta sin, tá digitiú an phróisis víosaí i gcomhréir leis na forbairtí reachtacha a rinneadh le déanaí maidir leis an mór-réimse TF do bhainistiú teorainneacha, rud a chuireann le slándáil níos fearr i Limistéar Schengen.

Is ionann digitiú an nós imeachta víosa agus forbairt dhearfach ar an staid reatha ina bhfuil tionchar diúltach ag ilroinnt i dtéarmaí na gcleachtas náisiúnta chun an próiseas iarratais ar víosa a bhainistiú ar fheidhmiú bheartas Víosaí AE agus ar an dearcadh atá ag an Aontas Eorpach mar aonad geografach aonair.

Cé go bhfáiltíonn an Rapóirtéir roimh an togra ón gCoimisiún maidir le digitiú an nós imeachta víosaí, féachann sé lena fheabhsú agus a neartú tuilleadh. Ós rud é go mbeidh an córas nua go hiomlán digiteach, is fiú an togra a neartú maidir le cosaintí i ndáil le daoine faoi mhíchumas chomh maith le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis an litearthacht dhigiteach agus inrochtaineacht idirlín. Ina theannta sin, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna inrochtaineachta teanga a bhaineann le hardán an Aontais maidir le hiarratais agus leis an nós imeachta. I gcomhréir le Tuairim an MECS, molann an Rapóirtéir freisin freagracht agus róil eu-LISA agus údaráis náisiúnta a neartú ag céimeanna éagsúla den phróiseáil sonraí.

Maidir le seoladh IP an iarratasóra a bhailiú agus a phróiseáil, ceistíonn an Rapóirtéir an gá agus an breisluach a bhaineann le sonraí den sórt sin agus creideann sé freisin go bhfuil gá le ráthaíochtaí breise chun a áirithiú nach n-eascróidh dícháiliú iarratais ar víosa riamh as seoltaí IP bratacha amháin, mar shampla mar gheall ar inrochtaineacht íseal an ghréasáin i suíomh nó limistéar ar leith.

Ina theannta sin, creideann an Rapóirtéir gur feabhas ar bheartas Víosaí an AE iad réiteach digiteach nua-aimseartha atá éasca le húsáid, an nós imeachta riaracháin simplithe agus comhchuibhithe maidir le hiarratas ar víosa, agus athsholáthar an ghreamáin víosa le víosa dhigiteach agus go laghdaítear na rioscaí slándála a bhaineann leis na greamáin víosa fisiciúla. Dá bhrí sin, agus tábhacht digitiú víosaí do shaoránaigh AE agus don Aontas Eorpach ina iomláine á cur san áireamh, molann an Rapóirtéir go dtacódh Comhaltaí an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile leis an tuarascáil sin.

(AE) 2019/1155 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 188, 12.7.2019, lch. 25).

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Eintiteas agus/nó duine
1. Teagmháil TLS